2024/2168

20.8.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2168 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Lúnasa 2024

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Ghréig

(a tugadh fógra faoi le doiciméad C(2024) 5931)

(Is é an téacs Gréigise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag a bhíonn ar ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) I gcás ráige d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag in ainmhithe den chineál gabhair nó den chineál caorach, tá riosca suntasach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile ainmhithe den chineál gabhair nó den chineál caorach.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair i gcatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráige de ghalar i gcatagóir A, lena n-áirítear ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(4) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 ón gCoimisiún ([4]) ar bhonn Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Ghréig. Go sonrach, foráiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 maidir leis na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise atá le bunú ag an mBallstát sin, tar éis ráigeanna den ghalar sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2024 maidir le bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Ghréig agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2014 (IO L 2024/2132, 30.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2132/oj).

(5) Tar éis dháta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 ann, thug an Ghréig fógra don Choimisiún faoi ocht ráig bhreise d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag i mbunaíochtaí inar coimeádadh ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair. Bhí sé cinn de na ráigeanna sin lonnaithe in aonad réigiúnach Larisa, i réigiún na Teasáile; tá ceann acu lonnaithe in aonad réigiúnach na hAtaice Thiar, i réigiún na hAtaice; agus tá ceann acu lonnaithe in aonad réigiúnach Corinthia, i réigiún na Peilipinéise. Dá thoradh sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, chomh maith le limistéir srianta bhreise le haghaidh na Gréige, san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132, leasaíodh iad le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2156 ón gCoimisiún ([5]) .

(6) Ó bhí dáta glactha Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2156 ann, thug an Ghréig fógra don Choimisiún faoi 24 ráig bhreise d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair, ocht gcinn in aonad réigiúnach Corinthia, ceithre cinn in aonad réigiúnach Larisa, trí cinn in aonad réigiúnach Aetolia-Acarnania, dhá cheann in aonad réigiúnach Rodopi, dhá cheann in aonad réigiúnach Ilia, dhá cheann in aonad réigiúnach Iraklio, ceann amháin in aonad réigiúnach Trikala, ceann amháin in aonad réigiúnach Drama agus ceann amháin in aonad réigiúnach Karditsa. Tá deich gcinn de na ráigeanna sin, is iad sinn na ráigeanna in aonaid réigiúnacha Aetolia-Acarnania, Rodopi, Ilia, Iraklio agus Drama, lonnaithe lasmuigh de na criosanna srianta atá bunaithe cheana féin.

(7) San iomlán, ó thús na heipidéime atá ann faoi láthair, tá fógra tugtha ag an nGréig don Choimisiún faoi 47 ráig d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag ar dhá bhraisle ar leith iad ar a laghad: braisle amháin in aonad réigiúnach Trikala; agus an bhraisle eile in aonad réigiúnach Larisa.

(8) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise sa Ghréig san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132, ba cheart iad a choigeartú a thuilleadh, ó thaobh spáis agus ama de, chun leathadh breise an ghalair sa Ghréig agus sa chuid eile den Aontas a chosc, agus ba cheart dátaí an réigiúnaithe a choigeartú. Dá réir sin, is gá liosta na gcriosanna srianta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a leasú.

(9) Ba cheart méid na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise agus fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm ann a bheith bunaithe ar na critéir a leagtar síos in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sna limistéir atá buailte leis an ngalar sin agus staid eipidéimeolaíoch foriomlán an ionfhabhtaithe le plá na n-athchogantach beag sa Bhallstát lena mbaineann mar aon leis an leibhéal riosca maidir le leathadh breise an ghalair. Ba cheart caighdeáin idirnáisiúnta an Chóid um Shláinte na nAinmhithe Talún ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) a chur san áireamh freisin agus fad na mbeart á chinneadh. Sa staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair, tá riosca ard ann go leathfaidh an galar a thuilleadh, go háirithe toisc gurb é seo an chéad uair atá ráigeanna á dtuairisciú in aonaid réigiúnacha Aetolia-Acarnania, Rodopi, Ilia, Iraklio agus Drama, réigiúin atá lonnaithe lasmuigh de na criosanna srianta atá bunaithe cheana féin agus toisc gurb é seo an chéad uair atá ráig á tuairisciú in aonad réigiúnach Karditsa freisin.

(10) De bharr dhéine agus phráinn na staide eipidéimeolaíche agus chun leathadh an ghalair a theorannú láithreach, is gá a áirithiú nach dtarlóidh gluaiseachtaí ainmhithe ó na criosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise go cinn scríbe lasmuigh d'imlíne sheachtrach an chreasa shrianta breise, agus go n-eisiafar maoluithe a d'fhéadfadh a bheith ann ón toirmeasc ar ghluaiseachtaí ainmhithe ó na criosanna srianta a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ar feadh tréimhse áirithe ama, chun leathadh fad-achair an ghalair sin a chosc.

(11) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh an ionfhabhtaithe le plá na n-athchogantach beag agus i bhfianaise an ghá cosc a chur ar leathadh an ghalair ó na bunaíochtaí atá buailte sa Ghréig go codanna eile den Bhallstáit sin agus go Ballstáit eile, ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe atá le déanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 leis an gCinneadh seo a luaithe is féidir.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2156 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Ghréig (IO L 2024/2156, 7.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2156/oj).

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132.

Airteagal 2

Seolaí

Is chuig an bPoblacht Heilléanach a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Lúnasa 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

A. **Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar an ráig dheimhnithe**

Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid de chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
Aonad réigiúnach Trikala GR-PPR-2024-00001 GR-PPR-2024-00002 GR-PPR-2024-00003 GR-PPR-2024-00004 GR-PPR-2024-00006 GR-PPR-2024-00007 GR-PPR-2024-00015 GR-PPR-2024-00047	An crios cosanta: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Trikala, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.74240, domhanfhad 21.5816 (2024/1), domhanleithead 39.74582, domhanfhad 21.58346 (2024/2), domhanleithead 39.738997, domhanfhad 21.58565 (2024/3), domhanleithead 39.73900 Fad. 21.58565 (2024/4), domhanleithead.39.74907, domhanfhad.21.58515 (2024/6), domhanleithead. 39.73803, domhanfhad.21.58583 (2024/7), domhanleithead.39.61299, domhanfhad.21.94638 (2024/15), domhanleithead. 39.73134661, domhanfhad. 21.60611326 (2024/47)	31.8.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Trikala, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.74240, domhanfhad 21.5816 (2024/1), domhanleithead 39.74582, domhanfhad 21.58346 (2024/2), domhanleithead 39.738997, domhanfhad 21.58565 (2024/3), domhanleithead 39.73900 Fad. 21.58565 (2024/4), domhanleithead.39.74907, domhanfhad.21.58515 (2024/6), domhanleithead. 39.73803, domhanfhad.21.58583 (2024/7), domhanleithead.39.61299, domhanfhad.21.94638 (2024/15), domhanleithead. 39.73134661, domhanfhad. 21.60611326 (2024/47), diomaite de na limistéir atá san áireamh sa chrios cosanta	9.9.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Trikala, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.74240, domhanfhad 21.5816 (2024/1), domhanleithead 39.74582, domhanfhad 21.58346 (2024/2), domhanleithead 39.738997, domhanfhad 21.58565 (2024/3), domhanleithead 39.73900 Fad. 21.58565 (2024/4), domhanleithead.39.74907, domhanfhad.21.58515 (2024/6), domhanleithead. 39.73803, domhanfhad.21.58583 (2024/7), domhanleithead.39.61299, domhanfhad.21.94638 (2024/15), domhanleithead. 39.73134661, domhanfhad. 21.60611326 (2024/47)	1.9.2024 – 9.9.2024

Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid de chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
Aonad réigiúnach Larisa GR-PPR-2024-00005 GR-PPR-2024-00008 GR-PPR-2024-00009 GR-PPR-2024-00010 GR-PPR-2024-00011 GR-PPR-2024-00012 GR-PPR-2024-00013 GR-PPR-2024-00014 GR-PPR-2024-00016 GR-PPR-2024-00018 GR-PPR-2024-00019 GR-PPR-2024-00020 GR-PPR-2024-00021 GR-PPR-2024-00022 GR-PPR-2024-00024 GR-PPR-2024-00025 GR-PPR-2024-00039 GR-PPR-2024-00043	An crios cosanta: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Larisa, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.80302, domhanfhad 22.09358 (2024/5), domhanleithead 39.79371, domhanfhad 22.09587 (2024/8), domhanleithead 39.78486, domhanfhad 22.09857(2024/9), domhanleithead 39.78106, domhanfhad 22.09151 (2024/10), domhanleithead.39.78088, domhanfhad.22.09469 (2024/11), domhanleithead.39.72800, domhanfhad.22.14268 (2024/12), domhanleithead.39.71114, domhanfhad.22.56483 (2024/13), domhanleithead.39.71725, domhanfhad.22.55791(2024/14), domhanleithead 39.75311, domhanfhad.22.53438 (2024/16), domhanleithead. 39.73416 Fad. 22.39829 (2024/18), domhanleithead 39.70568, domhanfhad 22.54803 (2024/19), domhanleithead 39.72117, domhanfhad 22.55795 (2024/20), domhanleithead 39.71224, domhanfhad 22.55537 (2024/21), domhanleithead 39.72519, domhanfhad 22.55152 (2024/22), domhanleithead 39.71893611, domhanfhad 22.55735556 (2024/24), domhanleithead 39.71858331, domhanfhad 22.55214023 (2024/25), domhanleithead 39.68830556, domhanfhad 22.54872222 (2024/39), domhanleithead 39.77855287, domhanfhad 22.09637457 (2024/43)	4.9.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Larisa, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.80302, domhanfhad 22.09358 (2024/5), domhanleithead 39.79371, domhanfhad 22.09587 (2024/8), domhanleithead 39.78486, domhanfhad 22.09857(2024/9), domhanleithead 39.78106, domhanfhad 22.09151 (2024/10), domhanleithead.39.78088, domhanfhad.22.09469 (2024/11), domhanleithead.39.72800, domhanfhad.22.14268 (2024/12), domhanleithead.39.71114, domhanfhad.22.56483 (2024/13), domhanleithead.39.71725, domhanfhad.22.55791(2024/14), domhanleithead 39.75311, domhanfhad.22.53438 (2024/16), domhanleithead. 39.73416 Fad. 22.39829 (2024/18), domhanleithead 39.70568, domhanfhad 22.54803 (2024/19), domhanleithead 39.72117, domhanfhad 22.55795 (2024/20), domhanleithead 39.71224, domhanfhad 22.55537 (2024/21), domhanleithead 39.72519, domhanfhad 22.55152 (2024/22), domhanleithead 39.71893611, domhanfhad 22.55735556 (2024/24), domhanleithead 39.71858331, domhanfhad 22.55214023 (2024/25), domhanleithead 39.68830556, domhanfhad 22.54872222 (2024/39), domhanleithead 39.77855287, domhanfhad 22.09637457 (2024/43), diomaite de na limistéir atá san áireamh sa chrios cosanta	13.9.2024

Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid de chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Larisa, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.80302, domhanfhad 22.09358 (2024/5), domhanleithead 39.79371, domhanfhad 22.09587 (2024/8), domhanleithead 39.78486, domhanfhad 22.09857(2024/9), domhanleithead 39.78106, domhanfhad 22.09151 (2024/10), domhanleithead.39.78088, domhanfhad.22.09469 (2024/11), domhanleithead.39.72800, domhanfhad.22.14268 (2024/12), domhanleithead.39.71114, domhanfhad.22.56483 (2024/13), domhanleithead.39.71725, domhanfhad.22.55791(2024/14), domhanleithead 39.75311, domhanfhad.22.53438 (2024/16), domhanleithead. 39.73416 Fad. 22.39829 (2024/18), domhanleithead 39.70568, domhanfhad 22.54803 (2024/19), domhanleithead 39.72117, domhanfhad 22.55795 (2024/20), domhanleithead 39.71224, domhanfhad 22.55537 (2024/21), domhanleithead 39.72519, domhanfhad 22.55152 (2024/22), domhanleithead 39.71893611, domhanfhad 22.55735556 (2024/24), domhanleithead 39.71858331, domhanfhad 22.55214023 (2024/25), domhanleithead 39.68830556, domhanfhad 22.54872222 (2024/39), domhanleithead 39.77855287, domhanfhad 22.09637457 (2024/43)	5.9.2024 – 13.9.2024
Aonad réigiúnach Corinthia GR-PPR-2024-00017 GR-PPR-2024-00026 GR-PPR-2024-00030 GR-PPR-2024-00036 GR-PPR-2024-00037 GR-PPR-2024-00038 GR-PPR-2024-00040 GR-PPR-2024-00041 GR-PPR-2024-00042	An crios cosanta: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Corinthia, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 37.90655, domhanfhad 22.32409 (2024/17), domhanleithead 37.90738197, domhanfhad 22.32509902 (2024/26), domhanleithead 37.90916879, domhanfhad 22.32662611 (2024/30), domhanleithead 37.90743928, domhanfhad 22.3292836 (2024/36), domhanleithead 37.90524584, domhanfhad 22.32466505 (2024/37), domhanleithead 37.90346352, domhanfhad 22.32520695 (2024/38), domhanleithead 37.84748286, domhanfhad 22.4120991 (2024/40), domhanleithead 22.4120991 37.84859025, domhanfhad 22.4120991 22.41390387 (2024/41), domhanleithead 37.8460599, domhanfhad 22.40909057 (2024/42)	30.8.2024

Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid de chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Corinthia, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 37.90655, domhanfhad 22.32409 (2024/17), domhanleithead 37.90738197, domhanfhad 22.32509902 (2024/26), domhanleithead 37.90916879, domhanfhad 22.32662611 (2024/30), domhanleithead 37.90743928, domhanfhad 22.3292836 (2024/36), domhanleithead 37.90524584, domhanfhad 22.32466505 (2024/37), domhanleithead 37.90346352, domhanfhad 22.32520695 (2024/38), domhanleithead 37.84748286, domhanfhad 22.4120991 (2024/40), domhanleithead 22.4120991 37.84859025, domhanfhad 22.4120991 22.41390387 (2024/41), domhanleithead 37.8460599, domhanfhad 22.40909057 (2024/42), diomaite de na limistéir atá san áireamh sa chrios cosanta	8.9.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Corinthia, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 37.90655, domhanfhad 22.32409 (2024/17), domhanleithead 37.90738197, domhanfhad 22.32509902 (2024/26), domhanleithead 37.90916879, domhanfhad 22.32662611 (2024/30), domhanleithead 37.90743928, domhanfhad 22.3292836 (2024/36), domhanleithead 37.90524584, domhanfhad 22.32466505 (2024/37), domhanleithead 37.90346352, domhanfhad 22.32520695 (2024/38), domhanleithead 37.84748286, domhanfhad 22.4120991 (2024/40), domhanleithead 22.4120991 37.84859025, domhanfhad 22.4120991 22.41390387 (2024/41), domhanleithead 37.8460599, domhanfhad 22.40909057 (2024/42)	31.8.2024– -8.9.2024
Aonad réigiúnach na hAtaice Thiar GR-PPR-2024-00023	An crios cosanta: Na codanna sin d'aonaid réigiúnacha na hAtaice Thiar agus Boeotia, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 38.111862, domhanfhad 23.54668 (2024/23)	28.8.2024

Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid de chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach na hAtaice Thiar agus Boeotia, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 gciliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 38.111862, domhanfhad 23.54668 (2024/23) diomaite de na limistéir atá san áireamh sa chrios cosanta	6.9.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach na hAtaice Thiar agus Boeotia, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 gciliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 38.111862, domhanfhad 23.54668 (2024/23)	29.8.2024– -6.9.2024
Aonad Réigiúnach Aetolia-Acarnania GR-PPR-2024-00031 GR-PPR-2024-00045 GR-PPR-2024-00046	An crios cosanta: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Aetolia-Acarnania, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 38.87143056, domhanfhad 20.90533611 (2024/31), domhanleithead 38.50446667, domhanfhad 21.14739722 (2024/45), domhanleithead 38.59527778, domhanfhad 21.37666667 (2024/46)	30.8.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Aetolia-Acarnania, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 38.87143056, domhanfhad 20.90533611 (2024/31), domhanleithead 38.50446667, domhanfhad 21.14739722 (2024/45), domhanleithead 38.59527778, domhanfhad 21.37666667 (2024/46), diomaite de na limistéir atá san áireamh sa chrios cosanta	8.9.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Aetolia-Acarnania, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 38.87143056, domhanfhad 20.90533611 (2024/31), domhanleithead 38.50446667, domhanfhad 21.14739722 (2024/45), domhanleithead 38.59527778, domhanfhad 21.37666667 (2024/46)	31.8.2024 – 8.9.2024

Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid de chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
Aonad réigiúnach Drama GR-PPR-2024-00035	An crios cosanta: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Drama, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 41.03121667, domhanfhad 24.17715278 (2024/35)	24.8.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonaid réigiúnacha Drama, Kavala agus Serres, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 gciliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 41.03121667, domhanfhad 24.17715278 (2024/35), diomaite de na limistéir atá san áireamh sa chrios cosanta	2.9.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Drama, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 41.03121667, domhanfhad 24.17715278 (2024/35)	25.8.2024 – 2.9.2024
Aonad réigiúnach Ilia GR-PPR-2024-00033 GR-PPR-2024-00034	An crios cosanta: Na codanna sin d'aonaid réigiúnacha Ilia agus Arcadia, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 37.854873, domhanfhad 21.229961 (2024/33), domhanleithead 37.704207, domhanfhad 21.774086 (2024/34)	27.8.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Ilia agus Arcadia, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 gciliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 37.854873, domhanfhad 21.229961 (2024/33), domhanleithead 37.704207, domhanfhad 21.774086 (2024/34), diomaite de na limistéir atá san áireamh sa chrios cosanta	5.9.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Ilia agus Arcadia, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 gciliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 37.854873, domhanfhad 21.229961 (2024/33), domhanleithead 37.704207, domhanfhad 21.774086 (2024/34)	28.8.2024 – 5.9.2024

Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid de chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
Aonad réigiúnach Iraklio GR-PPR-2024-00027 GR-PPR-2024-00028	An crios cosanta: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Iraklio, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 34.978053, domhanfhad 25.126796 (2024/27), domhanleithead 34.995229, domhanfhad 25.18261 (2024/28)	28.8.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Iraklio, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 34.978053, domhanfhad 25.126796 (2024/27), domhanleithead 34.995229, domhanfhad 25.18261 (2024/28) diomaite de na limistéir atá san áireamh sa chrios cosanta	6.9.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Iraklio, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 34.978053, domhanfhad 25.126796 (2024/27), domhanleithead 34.995229, domhanfhad 25.18261 (2024/28)	29.8.2024 – 6.9.2024
Aonad réigiúnach Karditsa GR-PPR-2024-00032	An crios cosanta: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Karditsa, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.36265, domhanfhad 21.97359 (2024/32)	24.8.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Karditsa, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.36265, domhanfhad 21.97359 (2024/32) diomaite de na limistéir atá san áireamh sa chrios cosanta	2.9.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Karditsa, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.36265, domhanfhad 21.97359 (2024/32)	25.8.2024 – 2.9.2024

Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid de chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
Aonad réigiúnach Rodopi GR-PPR-2024-00029 GR-PPR-2024-00044	An crios cosanta: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Rodopi, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 41.14330077, domhanfhad 25.30596084 (2024/29), domhanleithead 41.14492222, domhanfhad 25.30926944 (2024/44)	29.8.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Rodopi, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 41.14330077, domhanfhad 25.30596084 (2024/29), domhanleithead 41.14492222, domhanfhad 25.30926944 (2024/44), diomaite de na limistéir atá san áireamh sa chrios cosanta	7.9.2024
	An crios faireachais: Na codanna sin d'aonad réigiúnach Rodopi, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 41.14330077, domhanfhad 25.30596084 (2024/29), domhanleithead 41.14492222, domhanfhad 25.30926944 (2024/44)	30.8.2024 – 7.9.2024

B. **Criosanna srianta breise**

Réigiún	Limistéir a áirítear sa chrios srianta breise sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
Réigiún na Teasáile	Na haonaid réigiúnacha seo a leanas: — Trikala — Larisa — Karditsa diomaite de na limistéir atá san áireamh in aon chrios cosanta nó faireachais.	13.10.2024
	Na haonaid réigiúnacha seo a leanas: — Trikala — Larisa — Karditsa	14.9.2024 – 13.10.2024

Réigiún	Limistéir a áirítear sa chrios srianta breise sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
Réigiún na Macadóine Thiar	Aonad réigiúnach Grevena	13.10.2024
Réigiún na hAtaice	— Na haonaid réigiúnacha seo a leanas: — An Aithin Thiar — An Ataic Thiar — Piraeus — In aonad réigiúnach na hAtaice Thoir, na bardais seo a leanas — Acharnes — Oropos diomaite de na limistéir atá san áireamh in aon chrios cosanta nó faireachais.	6.9.2024
	— Na haonaid réigiúnacha seo a leanas: — An Aithin Thiar — An Ataic Thiar — Piraeus — In aonad réigiúnach na hAtaice Thoir, na bardais seo a leanas: — Acharnes — Oropos	7.9.2024 – 6.10.2024
Réigiún na Gréige Láir	In aonad réigiúnach Boeotia, bardas Tanagra, diomaite de na limistéir atá san áireamh in aon chrios cosanta nó faireachais.	6.9.2024
	In aonad réigiúnach Boeotia, bardas Tanagra.	7.9.2024 – 6.10.2024
Réigiún na Peilipinéise	— In aonad réigiúnach Corinthia, na bardais seo a leanas: — Sikyona — Xylokastro-Evrostina — Velo-Vocha — Nemea — In aonad réigiúnach Arcadia, aonad bardasach Levidi agus bardas Gortynia — In aonad réigiúnach Argolis, aonad bardasach Alea diomaite de na limistéir atá san áireamh in aon chrios cosanta nó faireachais.	8.10.2024

Réigiún	Limistéir a áirítear sa chrios srianta breise sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	— In aonad réigiúnach Corinthia, na bardais seo a leanas: — Sikyona — Xylokastro-Evrostina — Velo-Vocha — Nemea — In aonad réigiúnach Arcadia, aonad bardasach Levidi agus bardas Gortynia — In aonad réigiúnach Argolis, aonad bardasach Alea	9.9.2024 – 8.10.2024
Réigiún na Gréige Thiar	In aonad réigiúnach Achaea, na haonaid bhardasacha seo a leanas: — Aigeira — Akrata — Kleitoria diomaite de na limistéir atá san áireamh in aon chrios cosanta nó faireachais.	8.9.2024
	In aonad réigiúnach Achaea, na haonaid bhardasacha seo a leanas: — Aigeira — Akrata — Kleitoria	9.9.2024 – 8.10.2024
	Aonad réigiúnach Aetolia-Acarnania, diomaite de na limistéir atá san áireamh in aon chrios cosanta nó faireachais.	8.10.2024
	Aonad Réigiúnach Aetolia-Acarnania	9.9.2024 – 8.10.2024
	Aonad réigiúnach Ilia, diomaite de na limistéir atá san áireamh in aon chrios cosanta nó faireachais.	5.10.2024
	Aonad réigiúnach Ilia	6.9.2024 – 5.10.2024
Réigiún na Créite	Aonad réigiúnach Iraklio, diomaite de na limistéir atá san áireamh in aon chrios cosanta nó faireachais.	6.10.2024
	Aonad réigiúnach Iraklio	7.9.2024 – 6.10.2024
Réigiún na Macadóine Thoir agus na Tráicia	In aonad réigiúnach Rodopi, na bardais seo a leanas: — Iasmos — Komotini diomaite de na limistéir atá san áireamh in aon chrios cosanta nó faireachais.	7.10.2024

Réigiún	Limistéir a áirítear sa chrios srianta breise sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	In aonad réigiúnach Rodopi, na bardais seo a leanas: — Iasmos — Komotini	8.9.2024 – 7.10.2024
	In aonad réigiúnach Drama: — Bardais Doxato agus Prosotsani — Aonaid bhardasacha Drama agus Nikiforos diomaite de na limistéir atá san áireamh in aon chrios cosanta nó faireachais.	2.10.2024
	In aonad réigiúnach Drama: — Bardais Doxato agus Prosotsani — Aonaid bhardasacha Drama agus Nikiforos	3.9.2024 – 2.10.2024
	In aonad réigiúnach Serres, na haonaid bhardasacha seo a leanas: — Alistrati — Rodolivous — Kormista diomaite de na limistéir atá san áireamh in aon chrios cosanta nó faireachais.	2.10.2024
	In aonad réigiúnach Serres, na haonaid bhardasacha seo a leanas: — Alistrati — Rodolivous — Kormista	3.9.2024 – 2.10.2024
	In aonad réigiúnach Kavala, na haonaid bhardasacha seo a leanas: — Filippoi — Eleftheroupoli — Piereon — Paggaio diomaite de na limistéir atá san áireamh in aon chrios cosanta nó faireachais.	2.10.2024

Réigiún	Limistéir a áirítear sa chrios srianta breise sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	In aonad réigiúnach Kavala, na haonaid bhardasacha seo a leanas: — Filippoi — Eleftheroupoli — Piereon — Paggaio	3.9.2024 – 2.10.2024